Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority

**PREASRÁITEAS**
**LENA EISIÚINT LÁITHREACH**

# FOILSÍONN AN tÚDARÁS UM FHORFHEIDHMIÚ CORPARÁIDEACH AN CHÉAD TUARASCÁIL BHLIANTÚIL UAIDH

D'fhoilsigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an chéad Tuarascáil Bhliantúil uaidh inniu. Leis an Tuarascáil, lena gcumhdaítear an tréimhse tosaigh go dtí an 31 Nollaig 2023[1], tugtar cuntas cuimsitheach ar na bearta a rinneadh chun láithreacht an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a bhunú agus ar an obair a rinneadh go dtí seo chun acmhainn oibríochtúil na heagraíochta a thógáil.

Áirítear leis an Tuarascáil 17 gcás-staidéar lena léirítear cé chomh leathan agus atá tionchar an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus lena dtaispeántar cur chuige meáite céimnithe i leith cumhachtaí forfheidhmiúcháin a úsáid. Agus an cur chuige sin á ghlacadh aige, déanann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach:

- a chinntiú go gcomhlíontar na ceanglais nós imeachta, rialachais agus trédhearcachta de dhlí na gcuideachtaí agus a chinntiú go gceartaítear neamhchomhlíonadh na gceanglas sin,

- cabhair a thabhairt do gheallsealbhóirí maidir lena gcearta faoi dhlí na gcuideachtaí a chosaint,

- an pobal a chosaint trí chóras um ghealltanais maidir le srian agus maidir le dícháiliú a oibriú i leith stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha,

- an pobal a chosaint trí iarratais ar fhaoiseamh ó shrianadh stiúrthóirí agus ó dhícháiliú stiúrthóirí a thástáil agus a cheistiú go láidir, agus

- léirithe ar éagóiritheoireacht a d'fhéadfadh a bheith tromchúiseach faoi dhlí na gcuideachtaí a imscrúdú agus, de réir mar is cuí, gníomhaíocht

[1] Cumhdaítear leis an gcéad Tuarascáil Bhliantúil ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an tréimhse 18 mí ó mhí Iúil 2022 go dtí mí na Nollag 2023. Tá sé sin amhlaidh mar gheall ar fhorálacha iomchuí na reachtaíochta bunaithe.

forfheidhmiúcháin shibhialta agus gníomhaíocht forfheidhmiúcháin choiriúil araon a dhéanamh.

Le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an Tuarascáil, rinne an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach:

- naoi Leabhar Faisnéise agus cúig Nóta Faisnéise a fhoilsiú ar mhaithe le geallsealbhóirí,
- breis agus 470 gearán a fháil ó dhaoine den phobal agus breis agus 300 tuarascáil reachtúil a fháil ó iniúchóirí, ó scrúdaitheoirí agus ó chomhairleoirí próisis,
- breis agus 1,000 tuarascáil reachtúil a fháil ó leachtaitheoirí i ndáil le cuideachtaí dócmhainneacha agus le hiompraíocht stiúrthóirí na gcuideachtaí sin,
- srian 80 stiúrthóir cuideachta a áirithiú agus dícháiliú 27 stiúrthóir cuideachta eile a áirithiú,
- 107 n-ordú cúirte agus cúig bharántas cuardaigh a áirithiú, 213 ráiteas ó fhinnéithe a thógáil, agus 12 ghabháil a chur i ngníomh, agus
- 12 chomhad a chur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus ciontuithe coiriúla a áirithiú i ndáil le mainneachtain leabhair chuntais chuí a choimeád agus le faisnéis bhréagach a sholáthar.

Ag comóradh fhoilsiú na Tuarascála dó, dúirt Ian Drennan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach:

> *‘Le linn na chéad 18 mí a bhíomar i mbun oibre, tháinig na buntáistí a bhaineann le sinn a bheith inár ngníomhaireacht neamhspleách chun solais go réidh, go háirithe an tsolúbthacht a ghabhann leis an stádas sin. Rud tábhachtach ina leith sin, fuaireamar ár gceadúnas earcaíochta féin, rud a fhágann gur féidir linn ár bhfeachtais earcaíochta féin a reáchtáil, agus na comórtais sin saincheaptha dár riachtanais mar shainghníomhaireacht.*
>
> *Cé gur de chineál ardiomrá atá roinnt den obair a dhéanaimid, tarlaíonn roinnt mhaith dár gcuid oibre sa chúlra. Téann ár gcuid oibre chun tairbhe do na daoine uile a bhfuil leas acu in oibriú éifeachtach dhlí na gcuideachtaí agus, dá bhrí sin, tá ár dtionchar leathan ó thaobh a éifeachta de.*
>
> *Féachaimid lenár ngeallsealbhóirí a chumhachtú trí fhaisnéis atá cruinn, neamhchlaonta agus inrochtana a sholáthar agus trínár ngníomhaíochtaí for-rochtana. Ar na samplaí den fhaisnéis sin tá na Nótaí Faisnéise a d’eisíomar thar an tréimhse, inar pléadh topaicí amhail uirlisí luathrabhaidh, an ceart rochtana ar chláir comhaltaí cuideachtaí, agus na rioscaí a bhaineann le glacadh le stiúrthóireachtaí cuideachta in imthosca áirithe.*

*Tríd an gcur chuige céimnithe comhréireach a ghlacaimid i leith léirithe ar neamhchomhlíonadh nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna, féachaimid sa chúlra lena chinntiú go gcloítear le dualgais agus go gcosnaítear cearta, gan gá a bheith ann le dul i muinín ár gcumhachtaí reachtúla. I gcás gur gá, úsáidimid ár gcumhachtaí reachtúla chun comhlíonadh an dlí a chinntiú, agus an tionscnamh imeachtaí dlí i measc na roghanna atá ar fáil dúinn. Tá forfheidhmiú coiriúil ag an taobh uachtarach den speictream ó thaobh tromchúise de. Sa chomhthéacs sin, rinneamar breis agus 100 ordú cúirte a fháil agus a fhorghníomhú le linn na tréimhse chun a chur faoi deara go dtabharfaí doiciméid ar aird, d'fhorghníomhaíomar cúig bharántas cuardaigh, thógamar breis agus 200 ráiteas ó fhinnéithe, agus chuireamar gabháil 12 dhuine i ngníomh.*

*Ar aon dul le cineál na bpróiseas imscrúdúcháin agus ionchúisimh, a bhíonn fadálach in amanna, tháinig na torthaí seo a leanas sna míonna tosaigh den bhliain 2024 as ár ngníomhaíocht imscrúdúcháin thar an tréimhse faoi athbhreithniú agus roimh an tréimhse sin:*

- *cúisíodh an Dr Andrew Jordan agus an tUas. Christopher Goodey, an t-iarChathaoirleach agus an t-iarPhríomhoifigeach Feidhmiúcháin faoi seach ar an gCumann Náisiúnta Lia-Chleachtóirí Ginearálta, i dtrádáil chalaoiseach agus i mainneachtain taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád, agus*

- *forchuireadh pianbhreith príosúnachta seacht mbliana ar an Uas. Ebenezer Oduntan tar éis é a chiontú i 87 scor de chionta gadaíochta, meabhlaireachta agus dlí cuideachtaí.*

*I gcomhthráth lenár n-obair imscrúdúcháin, déanaimid maoirseacht ar an bpróiseas dócmhainneachta corparáidí. Ba é a bhí i gceist leis an obair sin ná na céadta tuarascálacha leachtaitheoirí a scrúdú agus ba é an toradh a bhí uirthi ná gur srianadh 80 stiúrthóir cuideachta san iomlán agus gur dícháilíodh 17 stiúrthóir cuideachta eile. Is bearta tábhachtacha iad srian agus dícháiliú, agus iad ceaptha chun an pobal a chosaint ar dhaoine a dtaispeántar ina dteist gur contúirt iad do chreidiúnaithe agus do dhaoine eile. Feidhm eile atá le srian agus le dícháiliú is ea rialachas corparáideach a fheabhsú go ginearálta agus iompraíocht chosúil den sórt sin ar thaobh daoine eile a dhíspreagadh sa todhchaí.*

*Ceann dár gcroíchuspóirí straitéiseacha don chéad trí bliana atáimid i mbun oibre is ea láithreacht an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a bhunú. Chuige sin, tá bród ar leith orm as cé chomh mór agus a d'éirigh le céad chomhdháil an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach – a bhuí le hiarrachtaí mo chomhghleacaithe, idir iad sin a thug a gcuid ama go flaithiúil chun labhairt agus iad sin a bhí cineálta go leor chun am a thógáil as a lá gnóthach chun freastal uirthi. Bhí an t-ádh orainn go rabhamar in ann painéal iontach cainteoirí a mhealladh. Ina measc sin bhí an tAire Dara Calleary agus Rossa Fanning SC, an tArd-Aighne. Mar thoradh ar an aiseolas dearfach a fuarthas ón lucht freastail ar fad, tá sé de rún againn ócáid bhliantúil a*

*dhéanamh den chomhdháil, agus tá an-dul chun cinn déanta ar an bpleanáil le haghaidh ócáid na bliana 2024.'*

**AN tÚDARÁS UM FHORFHEIDHMIÚ CORPARÁIDEACH**
**19 Meitheamh 2024**

CRÍOCH/

I gcás ceisteanna ó na meáin, déan teagmháil le:


**Barbara Wiseman Uas.**
**Bainisteoir Cumarsáide Sinsearach**
**media@cea.gov.ie | 087 7452409**


## NÓTA D'EAGARTHÓIRÍ

**An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach**
Is é an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gníomhaireacht na hÉireann um fhorfheidhmiú dhlí na gcuideachtaí. Áirítear na nithe seo le feidhmeanna an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach:

- comhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a chur chun cinn,
- imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe amhrasta ar dhlí na gcuideachtaí,
- gníomhaíocht chuí forfheidhmiúcháin a dhéanamh mar fhreagairt do sháruithe sainaitheanta ar dhlí na gcuideachtaí,
- maoirseacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí de chuid leachtaitheoirí cuideachtaí dócmhainneacha, agus
- córas um shrian agus um dhícháiliú a oibriú i leith stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha.

Cuireann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a shainchúram i gcrích chun comhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a chur chun cinn trí ghníomhaíochtaí éagsúla, lena n-áirítear ábhair threorach inrochtana a fhorbairt agus a fhoilsiú, agus trína ghníomhaíochtaí for-rochtana.

Tá sainchúram forfheidhmiúcháin an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach de chineál sibhialta agus de chineál coiriúil araon agus, le linn dó an sainchúram sin a chur i gcrích, tá sraith fhairsing cumhachtaí reachtúla ar fáil don Údarás:

- an chumhacht chun ceanglas a chur ar chuideachtaí agus ar thríú páirtithe iomchuí doiciméid, lena n-áirítear doiciméid leictreonacha, a thabhairt ar aird,

- cumhachtaí cuardaigh agus urghabhála,
- an chumhacht gabhála, i.e., ag oifigigh den Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar comhaltaí ar iasacht ón nGarda Síochána iad, agus
- cumhachtaí chun iarraidh ar na cúirteanna bearta imscrúdúcháin breise áirithe a ordú.

Tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ina ghníomhaireacht ildisciplíneach a bhfuil a foireann comhdhéanta de ghairmithe cuntasaíochta agus dlí, de chomhaltaí ar iasacht ón nGarda Síochána agus de shaineolaithe fóiréinsice digití, i measc daoine eile.

Is féidir an chéad Tuarascáil Bhliantúil ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a rochtain **anseo**.